Feachtas Toghchánaíochta

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi fheachtas Fhine Gael agus Pháirtí an Lucht Oibre. Sula bhféachann tú ar an mír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat plé a dhéanamh ar na tuairimí atá agaibh faoin dá pháirtí polaitíochta sin?

Ceist 2 Líon na bearnaí chun na focail Ghaeilge a chumadh.

1. *campaigners*

   l _ _ _ t f e _ _ _ _ _ i _

2. *regional airports*

   _ _ _ f _ _ _ _ _ é _ g _ _ n _ _ _ _

3. *equality in education*

   c _ _ h _ _ n _ n n _ _ o _ _ _ _ _ h _ _ s

4. *multi-faith school*

   s _ _ _ _ i l c _ _ _ _ d m h _ _ _ _

5. *to invest*

   a i _ f _ _ _ _ t _ _

6. *the polls*

   na p _ _ _ _ b h r _ _ _ _ _ _ n n _

7. *economic development*

   f _ _ b _ _ _ t e _ _ n _ m _ _ _ _ _ _ _

8. *coalition*

   c _ _ h _ _ _ l t _ _

9. *equal status*

   s _ _ d _ _ c _ _ _ i _ _ _ n _

10. *to baptize*

    a b _ _ _ _ t _ _ _ _

Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.

Ceist 3 (A) Féach ar an tuairisc den dara huair agus breac síos na focail faoi cheist 2 arís ach sna boscaí cuí.

Focail a bhaineann le feachtas Fhine Gael	Focail a bhaineann le feachtas Pháirtí an Lucht Oibre

Ceist 3 (B) Féach ar an tuairisc arís agus breac síos sna boscaí aon fhocal tábhachtach ***eile*** a bhaineann leis na páirtithe.

Ceist 3 (C) Cad a dúirt an Taoiseach agus cad a dúirt an Tánaiste sa tuairisc?

An Taoiseach: _____
_____

An Tánaiste: _____
_____

Ceist 4 Cén Béarla atá ar na teidil thábhachtacha seo thíos?

Uachtarán na hÉireann
An Taoiseach
An Tánaiste
An Ceann Comhairle
Dáil Éireann
Teachta Dála (T.D.)

Ceist 5 '…go ceann cúig bliana…'

Má leanann uimhir agus ainmfhocal na réamhfhocail chomhshuite a chuireann tréimhsí ama in iúl (ar feadh, i gceann, faoi cheann nó go ceann), ní bhíonn an tuiseal ginideach i gceist. Más ainmfhocal amháin a leanann na réamhfhocail chomhshuite sin, bíonn an tuiseal ginideach i gceist.

Cuir Gaeilge ar na habairtí seo anois:

1. I'll be in France for a week.
2. She won't be here for a month (yet).
3. I was in Spain for a year.
4. I'll be back in a week.
5. It'll be done in a fortnight.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. An mbeidh tú ag caitheamh vóta an Aoine seo chugainn?
2. An raibh Enda Kenny ina Thaoiseach maith le cúig bliana anuas, dar leat?
3. Cén dóigh a bhfuil feachtais pholaitíochta in Éirinn éagsúil ó fheachtais pholaitíochta sna Stáit Aontaithe?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Plé atá i gceist leis an gceist seo.

Ceist 2
1. *campaigners*: lucht feachtais
2. *regional airports*: aerfoirt réigiúnacha
3. *equality in education*: comhionannas oideachais
4. *multi-faith school*: scoil ilchreidmheach
5. *to invest*: a infheistiú
6. *the polls*: na pobalbhreitheanna
7. *economic development*: forbairt eacnamaíochta
8. *coalition*: comhrialtas
9. *equal status*: stádas comhionann
10. *to baptize*: a bhaisteadh

Ceist 3 (A) agus (B)

Focail a bhaineann le feachtas Fhine Gael	Focail a bhaineann le feachtas Pháirtí an Lucht Oibre
lucht feachtais aerfoirt réigiúnacha a infheistiú pobalbhreitheanna forbairt eacnamaíochta focail eile: plean fostaíochta ráta dífhostaíochta a laghdú	lucht feachtais comhionannas oideachais scoil ilchreidmheach comhrialtas stádas comhionann a bhaisteadh focail eile: deiseanna oideachais brú ar thuismitheoirí

Ceist 3 (C)
Féach an script.

Ceist 4

Uachtarán na hÉireann:	President of Ireland
An Taoiseach:	The Prime Minister
An Tánaiste:	Deputy Prime Minister
An Ceann Comhairle:	The Speaker
Dáil Éireann:	The Irish Parliament
Teachta Dála (T.D.):	Member of Parliament

Ceist 5
1. Beidh mé sa Fhrainc ar feadh seachtaine.
2. Ní bheidh sí anseo go ceann míosa.
3. Bhí mé sa Spáinn ar feadh bliana.
4. Beidh mé ar ais i gceann seachtaine.
5. Beidh sé déanta faoi cheann coicíse.

Ceist 6
Is féidir gach grúpa a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Maolra Mac Donnchadha
Bhur gcéad fáilte ar ais ag seomra na nuachta. Gan ach trí lá anois ann go mbeidh an tír ag vótáil, tá lucht feachtais go tréan ar na maidí. Tá Fine Gael ag díriú ar phlean fostaíochta taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath agus deich milliún euro sa mbreis[1] geallta acu d'aerfoirt réigiúnacha. Idir an dá linn, sheol Páirtí an Lucht Oibre plean faoi chomhionannas oideachais agus céad scoil ilchreidmheach geallta acu ó seo go ceann cúig bliana.

Caoimhe Ní Chonchoille
Bhí grúpa beag léirsitheoirí ag fanacht leis an Taoiseach i bPort Láirge ar maidin agus é ansin le cur síos a dhéanamh ar straitéis réigiúnach Fhine Gael maidir le postanna[2], ina bhfuil sé i gceist acu an ráta dífhostaíochta a laghdú go dtí faoi bhun seacht faoin gcéad, agus deich milliún euro breise a infheistiú sna haerfoirt réigiúnacha. Dúirt an Taoiseach gur léir ó na pobalbhreitheanna nach bhfuil cinneadh déanta ag go leor den phobal go fóill.

An Taoiseach, Enda Kenny
Sílim nár chóir ag an bpointe seo go mbeadh easpa muiníne ag muintir na hÉireann ó thaobh rialtais de agus ó thaobh forbairt eacnamaíochta a láidriú as seo amach.

Caoimhe Ní Chonchoille
Agus í i scoil i mBaile Átha Cliath, thug an Tánaiste foláireamh faoi chomhrialtas idir Fine Gael agus Fianna Fáil, agus faoi rialtas ina mbeadh go leor Neamhspleáigh mar chuid de. Ba ag díriú ar chúrsaí oideachais a bhí a Páirtí inniu.

An Tánaiste, Joan Burton
Creideann Páirtí an Lucht Oibre gur cheart go mbeadh na deiseanna oideachais ag gach aon pháiste agus bunóimid céad scoil nua faoi *Educate Together* faoin mbliain 2021.

Caoimhe Ní Chonchoille
Tá sé i gceist ag Páirtí an Lucht Oibre an tAcht um Stádas Comhionann a leasú sa dóigh is nach mbeidh brú ar thuismitheoirí a bpáistí a bhaisteadh nuair nach gcreideann siad ann, le háit scoile a chinntiú.

Caoimhe Ní Chonchoille, Nuacht TG4.

[1] Córas Chonnacht
[2] *poist* an t-iolra caighdeánach